Próiseas Iarratais ar Shocruithe Réasúnta

Treoir d'Iarrthóirí

Céim 1 - Foirm Iarratais

- Iarrtar ar iarrthóirí tabhairt le fios má tá míchumas orthu agus/nó fadhb shláinte acu agus/nó éagsúlacht acu agus a dteastaíonn socruithe réasúnta uathu lena n-aghaidh.
- Má deir iarrthóirí **nach bhfuil míchumas orthu/fadhb shláinte acu/éagsúlacht acu** nó **mura mian leo an t-eolas sin a nochtadh,** ní chuirfear tuilleadh ceisteanna orthu maidir le míchumas, fadhb shláinte nó éagsúlacht.
- Má deir iarrthóirí **go bhfuil míchumas orthu/fadhb shláinte acu/éagsúlacht acu**, cuirfear réimse ceisteanna orthu ag brath ar na freagraí a thugann siad.
- Iarrtar ar iarrthóirí ar mhaith leo tairbhe a bhaint as socruithe réasúnta tuairisc nó tuairiscí síceolaithe/liachta a cheangal leis an iarratas sula gcuirtear an t-iarratas deiridh isteach.
- Más amhlaidh a chuir iarrthóirí iarratas isteach ar chomórtas le poistphoiblí le trí bliana anuas, tá rogha ann na socruithe réasúnta a rinneadh roimhe seo a chur i bhfeidhm arís. Sa chás sin, ba ghá d'iarrthóirí an UA Iarrthóra a bhí acu roimhe a thabhairt ionas gurbh fhéidir le hAonad na Seirbhísí Measúnaithe teacht orthu. Más amhlaidh atá, ní gá d'iarrthóirí tuairiscí a uaslódáil, seachas má tá cáipéisí nua acu ar mian leo go ndéanfar iad a mheas.

Céim 2 - Athbhreithniú a Dhéanamh ar Iarratais ar Shocruithe Réasúnta

- Nuair atá iarratas curtha isteach ag iarrthóirí agus nuair atá sé luaite acu gur mhaith leo tairbhe a bhaint as socruithe réasúnta, déanfaidh Aonad na Seirbhísí Measúnaithe athbhreithniú ar an iarratas.
- Déanfaidh siad an t-eolas a tugadh san fhoirm iarratais agus sna cáipéisí cuí a cuireadh isteach a mheas i dtaca leis an iarratas ar shocruithe réasúnta. D'fhéadfadh poistphoiblí comhrá a dhéanamh le hiarrthóirí má tá tuilleadh eolais ag teastáil chun na socruithe réasúnta a dhéanamh dóibh.
- Déantar taifead ar thorthaí an athbhreithnithe i gcóras bainistíochta earcaíochta poistphoiblí nuair a atá an t-athbhreithniú críochnaithe.

Céim 3 - Na Torthaí a Chur in lúl don Iarrthóir

- Cuirfidh an t-aonad earcaíochta, a bheidh ag bainistiú an chomórtais, na socruithe réasúnta a tugadh le haghaidh gach céime den chomórtas don iarrthóir sula dtarlaíonn na céimeanna sin den chomórtas.
- Ní mór don iarrthóir athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe réasúnta a tugadh. Is féidir leis an iarrthóir dul i dteagmháil leis an aonad earcaíochta mura bhfuil gá le haon cheann de na socruithe réasúnta sin.
- Má tá ceist ag iarrthóirí maidir leis na socruithe réasúnta a tugadh, is féidir leis an té sin dul i dteagmháil leis an aonad earcaíochta atá ag bainistiú an chomórtais nó le hAonad na Seirbhísí Measúnaithe.

Céim 4 - Próiseas an Phainéil Athbhreithnithe

- Mura bhfuil iarrthóir sásta leis na socruithe réasúnta a tugadh, is féidir le Síceolaí Gairme athbhreithniú a dhéanamh air sin.
- Mura bhfuil iarrthóir sásta go fóill, féadfar Painéal Athbhreithnithe le chéileagus déanfaidh painéal de bhainisteoirí sinsearacha de chuid poistphoiblí chomh maith le saineolaí seachtrach athbhreithniú ar na socruithe a tugadh.

Eolas Tábhachtach

- Agus tástálacha á n-úsáid, cuirtear na socruithe réasúnta i bhfeidhm ar an gcóras atá ag ostáil na dtástálacha.
- Ní ligean poistphoiblí aon eolas faoi mhíchumas ná fadhb shláinte ná éagsúlacht le soláthraithe Tástálacha ná le baill de Bhoird Roghnúcháin.
- Maidir le hagallaimh agus measúnuithe eile, nuair a chuireann poistphoiblí Bord Roghnúcháin le chéile, is féidir le poistphoiblí an Bord Roghnúcháin a chur ar an eolas faoin socrú réasúnta ach lorgóidh siad cead an iarrthóra sula ndéantar amhlaidh.
- Moltar go láidir d'iarrthóirí poistphoiblí a chur ar an eolas má tá socruithe réasúnta acu ionas gur féidir linn iad seo a chur ar fáil agus an deis is fearr a thabhairt dóibh barr a gcumais a bhaint amach sa phróiseas roghnúcháin.
- Ní ligfear an t-iarratas ar shocruithe réasúnta le roinn ná le heagraíocht fostaíochta gan chead.

- Cuirtear ceist ar iarrthóirí má tá socruithe réasúnta ag teastáil uathu don áit oibre (in ionad an phróisis roghnúcháin) má éiríonn leo sa phróiseas earcaíochta.
- Is faoin iarrthóir atá sé dóthain fianaise a chur ar fáil ionas go mbeidh poistphoiblí in ann tacú leis an iarratas ar shocruithe réasúnta.